museum
National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann

# Caomhnóir Teicstílí

(Coimeádaí Cúnta Grád II)

Tá Ard-Mhúsaem na hÉireann ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun post mar **Chaomhnóir Teicstílí (Coimeádaí Cúnta Grád II)** a líonadh in Ard-Mhúsaem na hÉireann – Ealaíona Maisiúla & Stair, Dún Uí Choileáin, Sráid na Binne Boirbe, Baile Átha Cliath 7. Post buan lánaimseartha é seo. Líonfar an post seo tar éis agallamh iomaíoch.

**Gearrchuntas ar an bpost:**

Beidh an té a cheapfar freagrach as riachtanais chúraim agus caomhnaithe bhailiúcháin teicstíle-bhunaithe an mhúsaeim agus beifear ag súil go ndéanfaidh sé bearta coisctheacha caomhnaithe agus praiticiúla araon agus go ndéanfaidh siad maoirsiú agus tionchar a imirt ar obair foirne eile, oibrithe deonacha, conraitheoirí agus intéirnigh i gcúrsaí caomhnaithe.

## TREORACHA CHUN IARRATAS A DHÉANAMH

Iarrtar ort d'iarratas a chur isteach ar an roinn folúntas i **láithreán Gréasáin Ard-Músaem na hÉireann:** https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies

Iarrtar ar iarratasóirí foirm iarratais a líonadh isteach agus CV suas chun dáta agus litir chlúdaigh a chur isteach leis. **Iarraimid ort gach ceann de na trí dhoiciméad a chomhcheangal agus a chur isteach i bhfoirm PDF amháin**

Caithfear gach ceist ar an bhfoirm iarratais a fhreagairt agus iad a chlóscríobh. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa ná le hiarratais san fhormáid mhícheart. Mura ndéantar, féachfar air mar iarratas neamhiomlán agus ní chuirfear san áireamh é.

Tosaigh an próiseas iarratais ar ár leathanach Folúntas.

Na céimeanna:

- Gabh chuig an leathanach Vacancies agus roghnaigh an poist ar a bhfuil tú ag cur isteach.
- Léigh an Leabhrán Eolais chun sonraí uile an phoist a fháil.
- Feicfear na doiciméid a theastóidh don iarratas ar an leathanach seo i bhfoirm nasc.
- Cliceáil gach doiciméad, a osclóidh i bhfuinneog nua. Íoslódáil/Sábháil gach doiciméid ar do ríomhaire/do ghléas.
- Líon isteach na doiciméid riachtanacha, agus déan **PDF amháin** de na doiciméid, do CV agus do litir chumhdaigh.

- Agus é sin déanta, fill ar shuíomh gréasáin an Ard-Mhúsaeim agus críochnaigh an próiseas iarratais.
- Arís, gabh chuig an leathanach Vacancies roghnaigh an post a bhfuil tú ag cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Apply Now**.
- Líon isteach an fhoirm.
- Uaslódáil do PDF amháin.
- Déan an seiceáil Captcha agus ansin cliceáil '**Submit Your Application**'.

Cuir **seoladh monatóirithe bailí ríomhphoist.** Úsáidfear an seoladh ríomhphoist chun d'iarratas a admháil agus mar phríomh-mhodh teagmhála le hiarratasóirí.

**Dáta Deirdh d'Iarratais**

# Ní mór iarratais a bheith faighte ar a cúig a chlog tráthnóna Dé hAoine 4 Feabhra 2022.

**Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.** Cloífear go docht leis an dáta agus an am deiridh, agus mar sin is faoin iarratasóir a bheidh sé a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas sula mbeidh an t-am istigh.